# Dínit an Bhróin

le Máirtín Ó Direáin



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Dínit an Bhróin

**'I see it feelingly' King Lear (Shakespeare)**

**Féach vs Feic**

Ní hamháin go bhfeiceann an file an bheirt bhan sa dán seo, féachann sé orthu go mion agus tuigeann sé an brón den chéad uair ón bhféachaint sin ar bhealach nár thuig sé riamh cheana é.



Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Príomhthéama

Dán éipeafáineach é an dán seo ‘Dínit an Bhróin’ ina iarrann an Direánach ar an léitheoir breathnú ar an mbrón as an nua.

Leagann an Direánach an-bhéim ar na céadfaí ina chuid dánta agus ní haon eisceacht é an dán ‘Dínit an Bhróin’. Ar an tsúil a dhíríonn an file ar dtús leis an rátieas, ‘[n]ochtaíodh domsa tráth/Dínit mhór an bhróin’. Tá dhá íomhá mhóra le feiceáil sa dán seo a chuireann an brón agus t-áthas in iúl ar bhealach úr agus difriúil. Iarrann an Díreánach orainn breathnú go géar ar bheirt bhan ‘i bhfeisteas caointe dubh’. Sna héadaí seo níl siad ag iarraidh aird a tharraingt orthu féin agus iad ag caoineadh báis. Féachann an file orthu, áfach, agus bíonn eipeafáine aige.



# Príomhthéama

Go hiondúil, cuimhnítear ar an mbrón mar dhrochrud agus ar an áthas mar dhea-rud. Sa dán seo iompaíonn an Direánach an coincheap sin bun os cionn. Trí eipeafáine, léiríonn sé go bhfuil bród agus mórtas ag baint le brón agus go bhfuil gairsiúlacht ag baint leis an ngreann agus leis an ngleo in amanta.

Díríonn sé ar an gcluas sa dara véarsa, leis an tagairt don slua atá 'callánach'. Tá siad glórach cinnte ach ní thugann sé suntas dóibh. Breathnaíonn sé ar na mná seo arís, níos géire, níos mine agus is tríd an bhféachaint sin a fheiceann sé an brón as an nua agus a thuigeann sé den chéad uair ina shaol gur rud é a bhfuil dínit ag baint leis.



# Príomhthéama

Is téama caolchúiseach é seo ach ceann atá tráthúil sa lá atá inniu ann agus muid i gcónaí ar thóir an áthais agus eagla orainn roimh an mbrón.

Tá suaimhneas agus sólás sa dán seo dóibh siúd atá faoi scamall an bhróin dá bharr.



# Na Carachtair

**An File**

Is dán an-phearsanta é an dán seo atá scríofa sa chéad phearsa. Is é an file príomhphearsa an dáin seo, is trína shúile a fheicimid íomhánna agus eachtraí an dáin. Cuirtear tús leis an dán leis an ráiteas ‘Nochtaíodh domsa tráth/Dínit mhór an bhróin’. Leagann an file béim arís ar a eispéireas pearsanta leis an bhforainm réamhfhoclach arís sa líne ‘[a]r fheiceáil dom beirt bhan’. Is eachtra phearsanta agus speisialta í an eachtra seo atá eipeafáineach agus a chuireann cor ina chinniúint dá bharr. Tugann an sracfhéachaint seo ar bheirt bhan in éadaí caointe léargas dó ar uaisleacht an bhróin.



# Na Carachtair

**An Bheirt Bhan**

Is carachtair thábhachtacha iad an bheirt bhan sa dán seo. Agus iad ‘ag siúl amach ó shlua’ seasann siad amach i ngan fhios dóibh féin. Tá seo íoróineach mar tá siad gléasta ‘i bhfeisteas caointe dubh’. Tá dínit, uaisleacht agus maorgacht ag baint leo agus iad ciúin, calma agus sollúnta. Léiríonn siad don fhile go bhfuil uaisleacht san fhulaingt agus maorgacht sa chiúnas.



# Na Carachtair


**An Slua Callánach**

Úsáideann an file an 'slua callánach' sa dara véarsa mar chodarsnacht chun béim a leagan ar na mná sa chéad véarsa. Tá an slua seo glórach, torranach agus 'fuadar' fúthu.

Tá 'gleo ann agus caint ard' agus iad ag dul thar bráid, rud atá go hiomlán i gcodarsnacht le ciúnas agus dínit na mban sa chéad véarsa. Seasann an slua mar mheafar don sásamh sa saol nach maireann, a thagann agus a thránn, a lagaíonn de réir a chéile.



# Na Mothúcháin




**Is dán faoi mhothúcháin é seo, go deimhin, tá an brón sa teideal.**

**Léirítear an brón, áfach, ar bhealach atá difriúil, úr agus eisceachtúil sa dán seo toisc na heipeafáine ann.**

· Samhlaítear an brón mar dhrochrud de ghnáth ach sa dán seo léiríonn an file go bhfuil 'dínit' ag baint leis. Bíonn daoine ag iarraidh éalú ón mbrón agus é a cheannsú ach sa dán seo nochtann an file an brón dúinn go neamheaglach.

· Cuireann an file áthas agus sásamh in iúl mar rudaí gáirsiúla a thránn. Ní rudaí luachmhara agus uaisle iad 'fuadar', 'gleo' agus 'caint ard' na ndaoine áthasacha.





Foghlaim TG4
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# Teicnící Fileata

1. Uaim – 'beirt bhan', 'd'imigh an dínit leo'

2. Sioscadh – 'ag siúl amach ó shlua' (fuaim chiúin le béim a leagan ar uaisleacht na mban)

3. Athrá – 'D'imigh an dínit leo' ag deireadh an dá véarsa. Cuireann seo béim ar an téama.

4. Céadfaí – Súil 'nochtaíodh domsa', 'ar fheiceáil dom' agus cluas 'gan focal astu beirt', 'gleo ann is caint ard', 'ach an bheirt a bhí ina dtost'

5. Codasnacht – an bheirt bhan vs an slua ón mbád



# Idir na Línte

Foghlaim TG4